



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Deireadh Fómhair 2022
(OR. en)

13003/22

**Comhad Idirinstiúideach:
2022/0313(NLE)**

**ECOFIN 945
UEM 237
FIN 1007**

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	3 Deireadh Fómhair 2022
chuig:	Ardrúnaíocht na Comhairle
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2022) 509 final
Ábhar:	Togra le haghaidh CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1345 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 do Phoblacht na Seice chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála ag eascairt as ráig COVID-19

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 509 final.

Faoi iamh: COM(2022) 509 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.10.2022
COM(2022) 509 final

2022/0313 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1345 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 do Phoblacht na Seice chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála ag eascairt as ráig COVID-19

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Leagtar síos le Rialachán (AE) 2020/672 ón gComhairle ('Rialachán SURE') an creat dlíthiúil chun cúnamh airgeadais ón Aontas a sholáthar do na Ballstáit, atá faoi shuaitheadh eacnamaíoch tromchúiseach, nó a bhfuil dianbhagairt orthu, de bharr ráig COVID-19. Maoinítear leis an tacaíocht faoi SURE, go príomha, scéimeanna oibre gearr-ama nó bearta comhchosúla atá dírithe ar fhostaithe agus ar na daoine féinhostaithe a chosaint agus ar an gcaoi sin an dífhostaíocht agus an cailleanas ioncaim a laghdú, chomh maith le roinnt beart a bhaineann leis an tsláinte, go háirithe san áit oibre, a mhaoiniú, mar chuid choimhdeach.

An 7 Lúnasa 2020, d'iarr an tSeicia cúnamh airgeadais ón Aontas agus an 25 Meán Fómhair 2020, lena Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1345, dheonaigh an Chomhairle cúnamh airgeadais don tSeicia d'fhonn cur lena hiarrachtaí náisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar thionchar ráig COVID-19 agus chun freagairt d'iarmhairtí socheacnamaíocha na ráige d'oibríthe agus do na daoine féinhostaithe.

An 22 Meán Fómhair 2022, d'iarr an tSeicia cúnamh airgeadais ón Aontas arís faoi Rialachán SURE.

I gcomhréir le hAirteagal 6(2) de Rialachán SURE, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le húdaráis na Seice chun fíorú a dhéanamh ar an mórmhéadú tobann ar chaiteachas iarbhír agus ar chaiteachas beartaithe a bhaineann go díreach le bearta maidir le margadh saothair na Seice mar thoradh ar phaindéim COVID-19. Go sonrach, bhain sin le bearta atá ann cheana dá dtagraítear i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1345 ón gComhairle:

- (a) an scéim oibre gearr-ama ar a dtugtar an Clár 'Frithvíreas'. Ceapadh an clár chun cúiteamh páirteach a thabhairt do chostais pá fostóirí príobháideacha ar cuireadh iallach orthu a ngníomhaíocht eacnamaíoch a chur ar fionraí nó a laghdú go mór mar thoradh díreach ar bhearta arna ndéanamh ag na húdaráis (Rogha 'A'), nó go hindíreach de dheasca drochéifeachtaí eacnamaíocha na paindéime (Rogha 'B'), mar shampla fostaithe nach raibh in ann obair a dhéanamh de dheasca srianta taistil. Tugadh Rogha 'A breise' isteach i mí Dheireadh Fómhair 2020 chun cúiteamh iomlán ar chostais pá a sholáthar d'fhostóirí ar cuireadh iallach orthu a ngníomhaíocht a chur ar fionraí nó a laghdú de dheasca bearta arna ndéanamh ag na húdaráis. Cuireadh roinnt sínte leis an gclár agus lena fhochláir. Bhí Rogha 'A' i bhfeidhm ón 12 Márta 2020 go dtí an 28 Feabhra 2022, bhí Rogha 'A breise' i bhfeidhm ón 1 Deireadh Fómhair 2020 go dtí an 31 Bealtaine 2021 agus bhí Rogha 'B' i bhfeidhm ón 12 Márta 2020 go dtí an 31 Bealtaine 2021 agus ón 1 Samhain 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021.
- (b) na bearta lena ndeonaítear tacaíocht chúiteach i bhfoirm bónais cánach do dhaoine féinhostaithe. Leis an gcéad cheann, an clár 'Pětadvacítka', soláthraítear bónas cúiteach CZK 500 leis na daoine féinhostaithe i bhfoirm bónais cánach in aghaidh an lae féilire de chuid na tréimhse bónais in aghaidh an duine dóibh siúd ar cuireadh iallach orthu a ngníomhaíocht eacnamaíoch a chur ar fionraí nó a laghdú go mór thar ghnáthluaineacht ghnó de dheasca rioscaí sláinte poiblí COVID-19 nó bearta géarchéime arna ndéanamh ag údaráis phoiblí. Bhí 'Pětadvacítka' i bhfeidhm ón 12 Márta 2020 go dtí an 8 Meitheamh 2020. Síneadh *de facto* a bhí sa 'bhónas cúiteach fómhair' le hathruithe paraiméadracha ar an gclár 'Pětadvacítka', a bhí i bhfeidhm ón

5 Deireadh Fómhair 2020 go dtí an 15 Feabhra 2021 agus lenar soláthraíodh bónas cánach de CZK 500 in aghaidh an lae féilire do dhaoine féinfhostaithe ar cuireadh iallach orthu a ngníomhaíocht eacnamaíoch a chur ar fionraí nó a laghdú go mór de dheasca rioscaí sláinte poiblí nó bearta géarchéime arna ndéanamh ag údarais phoiblí. Leis an gclár ‘bónas cúiteach nua le haghaidh 2021’ moladh méadú sa tacaíocht go CZK 1 000 in aghaidh an lae in aghaidh an duine agus bhí sé i bhfeidhm ón 1 Feabhra 2021 go dtí an 31 Bealtaine 2021. Maidir leis an bónas cúiteach deireanach do dhaoine féinfhostaithe, dar luach 1 000 CZK in aghaidh an lae freisin, dá ngairtear an ‘bónas cúiteach le haghaidh 2022’, bhí sé i bhfeidhm ón 22 Samhain 2021 go dtí an 31 Eanáir 2022.

- (c) Maidir le ‘Tarscaoileadh páirteach ar ranníocaíochtaí slándála sóisialta agus sláinte atá dlite ag daoine féinfhostaithe’ a leanann dá ngníomhaíocht le linn soláthar tacaíochta, scéim a bhí ann faoinar ghlac an stát air féin an ranníocaíocht chomhfhreagrach atá dlite gach mí ó Mhárta go mí Lúnasa 2020 a íoc. Cé gur tháinig deireadh leis an gclár i mí Lúnasa 2020, b’éigean méideanna breise a íoc in 2021 de bharr socruithe a bhain le réamhíocaíochtaí a d’íoc daoine féinfhostaithe in 2020.
- (d) leis an ‘Liúntais cúraim’ do dhaoine féinfhostaithe, cúitítear an cailteanas ioncain arna thabhtú ag daoine féinfhostaithe mar thoradh ar an ngá atá ann aire a thabhairt do leanaí nó do dhaoine spléacha de dheasca dúnadh saoráidí cúraim leanaí agus saoráidí cúraim shóisialta. Is éard a bhí sa mhéid laethúil tacaíochta CZK 424 do mhí an Mhárta 2020 agus CZK 500 don tréimhse ó mhí Aibreáin go mí an Mheithimh 2020. Cuireadh síneadh leis ina dhiaidh sin go CZK 400 don tréimhse ó Dheireadh Fómhair 2020 go dtí mí na Bealtaine 2021.

Chuir an tSeicia an fhaisnéis ábhartha ar fáil don Choimisiún.

Agus an fhianaise atá ar fáil á cur san áireamh ag an gCoimisiún, molann sé don Chomhairle Cinneadh Cur Chun Feidhme a ghlacadh chun tacaíocht airgeadais a dheonú don tSeicia faoi Rialachán SURE chun tacú leis na bearta thuas.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an togra seo go hiomlán comhsheasmhach le Rialachán (AE) 2020/672 ón gComhairle, faoina ndéantar an togra.

Cuireann an togra seo le hionstraim dlí eile de chuid an Aontais chun tacaíocht a sholáthar do Bhallstáit i gcás éigeandálaí, mar atá Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002 ón gComhairle an 11 Samhain 2002 lena mbunaítear Ciste Dlíthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh(CDAE) (‘Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002’). Glacadh Rialachán (AE) 2020/461 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Márta 2020, lena leasaítear an ionstraim sin chun a raon feidhme a shíneadh chun go gcumhdófar móréigeandálaí sláinte poiblí agus chun oibríochtaí sonracha atá incháilithe do mhaoiniú a shainiú.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra seo ina chuid de réimse beart arna fhorbairt mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19 atá ann faoi láthair, amhail ‘an Tionscnamh Infheistíochta mar Fhreagairt ar an gCoróinvíreas’, agus comhlántar leis ionstraimí eile a thacaíonn le fostaíocht amhail Ciste Sóisialta na hEorpa agus Ciste na hEorpa d’Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS)/InvestEU. Trí úsáid a bhaint as iasachtaí a fháil agus a thabhairt ar mhaithe le tacú leis na Ballstáit i gcás áirithe seo na ráige de COVID-19, is togra é seo atá mar bheart cosanta tánaistí chun

scéimeanna oibre gearr-ama agus bearta comhchosúla a mhaoiniú, rud a chuideoidh le poist a chosaint agus, ar an gcaoi sin, fostaíthe agus daoine féinfhostaithe a chosaint ar riosca na dífhostaíochta.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **An bunús dlí atá leis**

Is é Rialachán (AE) 2020/672 ón gComhairle is bunús dlí don ionstraim seo.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Leanann an togra seo iarraidh ó Bhallstát agus léirítear ann dlúthpháirtíocht na hEorpa trí cúnamh airgeadais an Aontais a chur ar fáil i bhfoirm iasachtaí sealadacha do Bhallstáit a bhfuil ráig COVID-19 ag dul i bhfeidhm orthu. Mar bheart cosanta tánaistí, is amhlaidh is tacaíocht é do chaiteachas poiblí méadaithe an rialtais, tacaíocht shealadach i leith scéimeanna oibre gearr-ama agus bearta eile den chineál sin, rud is cúnamh dóibh i gcosaint na bpost agus dá réir sin i gcosaint na bhfostaíthe ar riosca na dífhostaíochta agus cailleanais ioncaim.

Leis an tacaíocht sin, cuideofar leis an bpobal atá buailte agus leis an tionchar díreach sochaíoch agus eacnamaíoch a d'eascair as géarchéim COVID-19 seo a mhaolú.

- **Comhréireacht**

Urramaítear leis an togra seo prionsabal na comhréireachta. Ní théann sé thar a bhfuil riachtanach chun cuspóirí na hionstraime a bhaint amach.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Mar gheall ar an bpráinn a bhaineann leis an togra a ullmhú ionas go bhféadfaidh an Chomhairle é a ghlacadh go tráthúil, ní fhéadfaí comhairliúchán a dhéanamh leis na páirtithe leasmhara.

- **Measúnú tionchair**

Ós togra práinneach é an togra, ní dhearnadh aon mheasúnú tionchair.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ba cheart go bhféadfadh an Coimisiún iasachtaí a chur i gconradh ar na margaí airgeadais, beart arb é críoch a bheadh leis na hiasachtaí sin a lígean chomh fada leis an mBallstát a d'iarr cúnamh airgeadais faoi scáth ionstraim SURE.

Mar aon le soláthar ráthaíochtaí na mBallstát, tá coimircí eile ina mbunchuid den chreat ionas gur scéim í a bheidh daingean ó thaobh an airgeadais de:

- Cur chuige dian coimeádach i leith na bainistíochta airgeadais;
- Déanamh a bheith ar an bpunann iasachtaí lena dteorannaítear riosca comhchruinnithe, neamhchosaint bhliantúil agus neamhchosaint iomarcach do Bhallstáit aonair agus lena n-áiríthítear ag an am céanna gurbh fhéidir

acmhainní leordhóthanacha a thabhairt do na Ballstáit is mó a bhfuil gá acu leo; agus

- Féidearthachtaí a bheith ann leis na fiacha a thar-rolladh.

Togra le haghaidh

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1345 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 do Phoblacht na Seice chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála ag eascairt as ráig COVID-19

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2020/672 ón gComhairle an 19 Bealtaine 2020 maidir le bunú ionstraimhe Eorpaí le haghaidh tacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála (SURE) ag eascairt as ráig COVID-19¹, agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Mar thoradh ar iarraidh ón tSeicia an 7 Lúnasa 2020, thug an Chomhairle, trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1345², cúnamh airgeadais don tSeicia i bhfoirm iasachta ar luach uasmhéid EUR 2 000 000 000 í le meánaibíocht uasta 15 bliana, agus le tréimhse infhaighteachta 18 mí, d'fhonn iarrachtaí náisiúnta na Seice a chomhlánú chun aghaidh a thabhairt ar thionchar ráig COVID-19 agus chun freagairt d'iarbhairtí socheacnamaíochta na ráige sin d'oibríthe agus do dhaoine féinhostaithe.
- (2) Bheartaigh an tSeicia an iasacht a úsáid chun na scéimeanna oibre gearr-ama agus bearta comhchosúla a mhaoiniú, dá dtagraítear in Airteagal 3 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1345.
- (3) Leanann cuid shuntasach den fhórsa saothair sa tSeicia gan a bheith in ann dul ag obair de dheasca ráig COVID-19. Is é a tháinig as sin mórmhéadú tobann ar chaiteachas poiblí sa tSeicia i leith bearta dá dtagraítear in Airteagal 3 (a), (c), (d), agus (e) de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1345.
- (4) Bhí tionchar suntasach ar an airgeadas poiblí ag ráig COVID-19 agus ag na bearta urghnácha a chuir an tSeicia i bhfeidhm in 2020, 2021 agus 2022 chun srian a choinneáil ar an ráig sin, agus ag na tionchair shocheacnamaíochta agus sláinte lena mbaineann, agus tá fós. In 2020, bhí easnamh rialtais ghinearálta agus ollfhiachas rialtais 5.8 % agus 37.7 % den olltáirgeacht intíre (OTI) faoi seach ag an tSeicia, a leathnaigh ó 5.9 % go 41.9 % faoi seach ag deireadh 2021. Dé réir réamhaisnéis earraigh 2022 ón gCoimisiún, tuarfar go mbeidh easnamh rialtais ghinearálta agus ollfhiachas rialtais 4.3 % agus 42.8 % den olltáirgeacht intíre faoi seach ag an tSeicia faoi dheireadh 2022. De réir réamhaisnéis eatramhach shamhradh 2022 an Choimisiúin, measfar go méadóidh OTI na Seice 2.3 % in 2022.

¹ IO L 159, 20.5.2020, lch. 1.

² Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1345 ón gComhairle an 25 Meán Fómhair 2020 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 do Phoblacht na Seice chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú san éigeandáil tar éis ráig COVID-19 (IO L 314, 29.9.2020, lch. 17).

- (5) An 22 Meán Fómhair 2022, d'iarr an tSeicia tuilleadh cúnaimh airgeadais ar an Aontas ar mhéid EUR 2 500 000 000 d'fhonn leanúint dá hiarrachtaí náisiúnta a chomhlánú a gabhadh de láimh in 2020, 2021 agus 2022 chun aghaidh a thabhairt ar thionchar ráig COVID-19 agus chun freagairt d'iarmhairtí socheacnamaíocha na ráige d'oibríte agus do dhaoine féinfhostaithe. Go sonrach, rinne an tSeicia scéimeanna oibre gearr-ama agus bearta comhchosúla a leagtar amach in aithrisí (6) go (9) a leathnú tuilleadh agus a leasú.
- (6) Ceapadh an scéim oibre ghearr-ama ar a dtugtar an Clár 'Frithvíreas', dá dtagraítear in Airteagal 3(a) de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1345 ón gComhairle, chun cúiteamh a dhéanamh ar chostais pá fostóirí príobháideacha ar cuireadh iallach orthu a ngníomhaíocht eacnamaíoch a chur ar fionraí nó a laghdú go mór mar thoradh díreach ar bhearta arna ndéanamh ag na húdaráis (Rogha 'A'), nó go hindíreach de dheasca drochéifeachtaí eacnamaíocha na paidéime (Rogha 'B'). Is é Rún Uimh. 353 an 31 Márta 2020 ón Rialtas, arna leasú, agus Airteagal 120 d'Acht Uimh. 435/2004 Coll³, maidir le cúrsaí fostaíochta, arna leasú, an bunús dlí atá leis. Cuireadh síneadh leis an gclár agus leathnaíodh é le Rogha 'A breise' trí Rún Uimh. 1039 ón Rialtas an 14 Deireadh Fómhair 2020 chun cúiteamh iomlán ar chostais pá a sholáthar d'fhostóirí ar cuireadh iallach orthu a ngníomhaíocht a chur ar fionraí nó a laghdú de dheasca bearta arna ndéanamh ag na húdaráis. Cuireadh síneadh leis an gclár freisin trí roinnt chinntí ón rialtas, agus bhí Rogha 'A' i bhfeidhm ón 12 Márta 2020 go dtí an 28 Feabhra 2022, bhí Rogha 'A breise' i bhfeidhm ón 1 Deireadh Fómhair 2020 go dtí an 31 Bealtaine 2021 agus bhí Rogha 'B' i bhfeidhm ón 12 Márta 2020 go dtí an 31 Bealtaine 2021 agus ón 1 Samhain 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021.
- (7) Leis an gcéad bhónas cúiteach do dhaoine féinfhostaithe, an Clár dá ngairtear 'Pětadvacítka', dá dtagraítear in Airteagal 3 (c) de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1345 ón gComhairle, a tugadh isteach le 'Dlí Uimh. 159/2020 Coll.'⁴, soláthraíodh bónas cúiteach CZK 500 in aghaidh an lae féilire in aghaidh an duine do dhaoine féinfhostaithe ar cuireadh iallach orthu a ngníomhaíocht eacnamaíoch a chur ar fionraí nó a laghdú go mór thar ghnáthluaineacht ghnó de dheasca rioscaí sláinte poiblí COVID-19 nó bearta géarchéime arna ndéanamh ag údaráis phoiblí. Bhí 'Pětadvacítka' i bhfeidhm ón 12 Márta 2020 go dtí an 8 Meitheamh 2020. Bhí feidhm ag an leasú ina dhiaidh sin air, clár 'bónas cúiteach an fhómhair', a tugadh isteach le Dlí Uimh. 461/2020 Coll⁵, ón 5 Deireadh Fómhair 2020 go dtí an 15 Feabhra 2021 agus soláthraíodh leis bónas cánach CZK 500 in aghaidh an lae féilire do dhaoine féinfhostaithe ar cuireadh iallach orthu a ngníomhaíocht eacnamaíoch a chur ar fionraí nó a laghdú go mór de dheasca rioscaí sláinte poiblí nó bearta éigeandála arna ndéanamh ag údaráis phoiblí. Le Dlí Uimh. 95/2021 Coll⁶, agus le rúin ghaolmhara ón Rialtas (Uimh. 154/2021⁷ agus 188/2021⁸) tugadh isteach leasú eile, dá ngairtear 'an

³ Dlí Uimh. 435/2004 Coll. an tAcht Fostaíochta, arna leasú, arna fhoilsiú i mBailiúchán dlíthe uimhir 143 an 23 Iúil 2004.

⁴ Dlí Uimh. 159/2020 Coll. maidir le bónas cúiteach a bhaineann le bearta géarchéime i ndáil le ráta an choróinvíris SARS CoV-2, arna leasú, a foilsíodh i mBailiúchán dlíthe uimhir 59 an 14 Aibreán 2020.

⁵ Dlí Uimh. 461/2020 Coll. maidir le bónas cúiteach i ndáil le toirmeasc nó srian gníomhaíochtaí gnó a bhaineann leis an gcoróinvíreas SARS CoV-2 a bheith ann, arna leasú, a foilsíodh i mBailiúchán dlíthe uimhir 189 an 13 Samhain 2020.

⁶ Dlí Uimh. 95/2021 Coll. maidir le bónas cúiteach le haghaidh 2021, arna leasú, a foilsíodh i mBailiúchán dlíthe uimhir 38 an 26 Feabhra 2021.

⁷ Dlí Uimh. 154/2021 Coll. maidir le Bónas Cúiteach le haghaidh 2021, arna leasú, a foilsíodh i mBailiúchán dlíthe uimhir 60 an 31 Márta 2021.

bónas cúiteach nua le haghaidh 2021' a bhí i bhfeidhm ón 1 Feabhra 2021 go dtí an 31 Bealtaine 2021 agus lenar méadaíodh méid an bhónais cánach go CZK 1 000 in aghaidh an lae. Ba é an méid a bhí sa leasú deireanach den bhónas cúiteach sin do dhaoine féinfhostaithe, 'an bónas cúiteach le haghaidh 2022', a tugadh isteach le Dlí Uimh. 519/2021 Coll⁹, 1 000 CZK in aghaidh an lae freisin agus bhí sé i bhfeidhm ón 22 Samhain 2021 go dtí an 31 Eanáir 2022.

- (8) Ba é 'Dlí Uimh. 136/2020 Coll.'¹⁰ (le haghaidh slándáil sóisialta) agus 'Dlí Uimh. 134/2020 Coll.'¹¹ (le haghaidh slándáil sláinte) a bhí mar bhunús dlí leis an tarscaoileadh páirteach ar ranníocaíochtaí slándála sóisialta agus ranníocaíochtaí slándála sláinte dá dtagraítear in Airteagal 3 (d) de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1345 ón gComhairle. Ghlac an Stát air féin íocaíocht na ranníocaíochta comhfhreagraí a bhí dlite gach mí ó mí an Mhárta go mí Lúnasa 2020 maidir le ranníocaíochtaí slándála sóisialta agus sláinte a bhí dlite ag daoine féinfhostaithe. Cé gur tháinig deireadh leis an gclár i mí Lúnasa 2020, b'éigean méideanna breise a íoc in 2021 de bharr socruithe a bhain le réamhíocaíochtaí a d'íoc daoine féinfhostaithe in 2020. Is éard atá sa bheart ioncaim tarscaoilte don Rialtas, ar féidir a mheas, chun críche cur chun feidhme Rialachán (AE) 2020/672, go bhfuil siad coibhéseach le caiteachas poiblí.
- (9) An 'Liúntas cúraim' do dhaoine féinfhostaithe, dá dtagraítear in Airteagal 3 (e) de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1345 ón gComhairle, ba é a bhí mar bhunús dlí leis na Rúin Uimh. 262 an 19 Márta 2020¹², Uimh. 311 an 26 Márta 2020, Uimh. 354 an 31 Márta 2020, Uimh. 514 an 4 Bealtaine 2020, Uimh. 552 an 18 Bealtaine 2020, Uimh. 1053 an 16 Deireadh Fómhair 2020, Uimh. 1260 an 30 Samhain 2020 agus Uimh. 446 an 10 Bealtaine 2021 ón Rialtas agus Airteagal 14 d'Acht Uimh. 218/2000 Coll¹³. maidir le rialacha buiséadacha, arna leasú, a bhfuil feidhm aige maidir le daoine féinfhostaithe i dtáirgeadh príomhúil talmhaíochta agus foraoiseachta, agus Airteagal 3 pointe (h) de Dhlí Uimh. 47/2002 Coll¹⁴, arna leasú, maidir le tacaíocht do FBManna, a bhfuil feidhm aige maidir le gach duine féinfhostaithe eile. Leis an gclár, cúitítear an cailteanas ioncaim arna thabhu ag daoine féinfhostaithe mar thoradh ar an ngá atá ann aire a thabhairt do leanaí nó do dhaoine spléacha de dheasca dúnadh saoráidí cúraim leanaí agus saoráidí cúraim shóisialta. Is éard a bhí sa mhéid laethúil tacaíochta CZK 424 do mhí an Mhárta 2020 agus CZK 500 don tréimhse ó mhí Aibreáin go mí an Mheithimh 2020. Cuireadh síneadh leis an gclár go dtí an tréimhse ó mhí Dheireadh Fómhair 2020 go dtí mí na Bealtaine 2021 nuair a soláthraíodh tacaíocht laethúil CZK 400 leis.

⁸ Rún Uimh. 188/2021 Coll. ón Rialtas maidir leis an chéad tréimhse bónais de chuid an bhónais chúitigh le haghaidh 2021 a chinneadh, arna leasú, a foilsíodh i mBailiúchán dlíthe uimhir 79 an 7 Bealtaine 2021.

⁹ Dlí Uimh. 519/2021 Coll. maidir le bónas cúiteach le haghaidh 2022, arna leasú, a foilsíodh i mBailiúchán dlíthe uimhir 226 an 23 Nollaig 2021.

¹⁰ Dlí Uimh. 136/2020 Coll. maidir le Coigeartuithe áirithe i réimse na ranníocaíochtaí slándála sóisialta agus ranníocaíochtaí leis an mbeartas fostaíochta agus árachais pinsin stáit i ndáil le bearta éigeandála le linn na heipidéime in 2020, arna leasú, a foilsíodh i mBailiúchán dlíthe uimhir 48 an 27 Márta 2020.

¹¹ Dlí Uimh. 134/2020 Coll. lena leasaítear Dlí Uimh. 592/1992 Coll. maidir le Prémheanna árachais sláinte poiblí, arna leasú, a foilsíodh i mBailiúchán dlíthe uimhir 48 an 27 Márta 2020..

¹² Dlí Uimh. 262/2020 Coll. maidir le beart géarchéime a ghlacadh, arna leasú, a foilsíodh i mBailiúchán dlíthe uimhir 42 an 19 Márta 2020.

¹³ Dlí Uimh. 218/2000 Coll. maidir le rialacha buiséadacha, arna leasú, a foilsíodh i mBailiúchán dlíthe uimhir 65 an 21 Iúil 2000.

¹⁴ Dlí Uimh. 47/2002 Coll. maidir le tacaíocht do fhiontair bheaga agus mheánmhéide, arna leasú, a foilsíodh i mBailiúchán dlíthe uimhir 20 an 8 Feabhra 2002.

- (10) Comhlíonann an tSeicia na coinníollacha maidir le cúnamh airgeadais a iarraidh a leagtar amach in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2020/672. Chuir an tSeicia fianaise chuí ar fáil don Choimisiún a léiríonn go bhfuil méadú de EUR 5 349 588 352 tagtha ar chaiteachas poiblí iarbhir agus ar chaiteachas poiblí pleanáilte ón 1 Feabhra 2020 amach de dheasca bearta náisiúnta a glacadh chun aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí socheacnamaíocha ráig COVID-19. Is mórmhéadú tobann é sin mar go mbaineann sé freisin le síneadh nó leasú ar bhearta náisiúnta atá ann cheana a bhaineann go díreach le scéim oibre gearr-ama agus bearta comhchosúla lena gcumhdaítear cuid mhór gnóthas agus lucht saothair sa tSeicia. Tá sé beartaithe ag an tSeicia EUR 215 333 982 den mhéid méadaithe caiteachais a mhaoiniú trí chistí an Aontais ó bhuiséad an Aontais agus EUR 634 254 370 trína maoiniú féin.
- (11) Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis an Seicia agus d'fhóirigh sé an mórmhéadú tobann ar an gcaiteachas poiblí iarbhir agus beartaithe a bhaineann go díreach le scéimeanna oibre gearr-ama agus bearta comhchosúla, dá dtagraítear san iarraidh an 22 Meán Fómhair 2022, i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) 2020/672.
- (12) Ba cheart, dá bhrí sin, cúnamh airgeadais a chur ar fáil d'fhonn cuidiú leis an tSeicia aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí socheacnamaíocha an tsuaite eacnamaíoch ghéir a tharla de dheasca ráig COVID-19. Ba cheart don Choimisiún na cinntí maidir le haibíochtaí, méid agus scaoileadh tráthchodanna agus tráinsí a dhéanamh i ndlúthchomhar leis na húdaráis náisiúnta.
- (13) Ós rud é go bhfuil an tréimhse infhaighteachta a léirítear i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1345 imithe in éag, tá gá le tréimhse infhaighteachta nua le haghaidh an chúnaimh airgeadais bhreise. Ba cheart síneadh 21 mhí a chur leis an tréimhse infhaighteachta 18 mí arna deonú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1345 agus, dá thoradh sin, ba cheart an tréimhse infhaighteachta iomlán a bheith 39 mí dar tús an chéad lá tar éis theacht i bhfeidhm Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1345.
- (14) Ba cheart don tSeicia agus don Choimisiún an Cinneadh seo a chur san áireamh sa chomhaontú iasachta dá dtagraítear in Airteagal 8(2) de Rialachán (AE) 2020/672.
- (15) Ba cheart don Chinneadh seo a bheith gan dochar do thoradh aon nós imeachta a bhaineann le saobhadh fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, go háirithe de bhun Airteagail 107 agus 108 den Chonradh. Ní sháraítear an ceanglas atá ar na Ballstáit cásanna státchabhracha féideartha a chur in iúl don Choimisiún faoi Airteagal 108 den Chonradh.
- (16) Ba cheart don tSeicia an Coimisiún a chur ar an eolas ar bhonn rialta maidir le cur chun feidhme an chaiteachais phoiblí atá beartaithe, chun a chumasú don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an méid den chaiteachas sin a chur an tSeicia chun feidhme.
- (17) Rinneadh an cinneadh chun cúnamh airgeadais a sholáthar agus riachtanais reatha agus riachtanais ionchasacha na Seice á gcur san áireamh, chomh maith le hiarrataí ar chúnamh airgeadais de bhun Rialachán (AE) 2020/672 a cuireadh isteach cheana nó atá beartaithe le cur isteach ag Ballstáit eile a mheas, agus prionsabail na córa comhionainne, na dlúthpháirtíochta, na comhréireachta agus na trédhearcachta á gcur i bhfeidhm ag an am céanna,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1345 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Cuirfidh an tAontas iasacht ar fáil don tSeicia arb é uasmhéid EUR 4 500 000 000 a bheidh inti. 15 bliana an uastréimhse aibíochta ar an meán a bheidh ag an iasacht sin.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Is é a bheidh sa tréimhse infhaighteachta le haghaidh cúnamh airgeadais arna dheonú leis an gCinneadh seo 39 mí dar tús an chéad lá tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo.’

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Scaoilfear an chéad tráthchuid faoi réir theacht i bhfeidhm an chomhaontaithe iasachta dá bhforáiltear in Airteagal 8(2) de Rialachán (AE) 2020/672. Scaoilfear aon tráthchodanna breise i gcomhréir le téarmaí an chomhaontaithe iasachta sin nó, i gcás inarb ábhartha, beidh siad faoi réir aguisín a ghabhann leis, nó comhaontú iasachta leasaithe arna thabhairt i gcrích idir an tSeicia agus an Coimisiún lena ndéantar an comhaontú iasachta bunaidh a ionadú.’;

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3:

‘Airteagal 3

Is féidir leis an tSeicia na bearta seo a leanas a mhaoiniú:

(a) an clár ‘Frithvíreas’ dá bhforáiltear i ‘Rún Rialtais Uimh. 353 an 31 Márta 2020’, arna leasú, arb é an bunús dlí a bheith leis Airteagal 120 de ‘Dlí Uimh. 435/2004 Coll. maidir le fostaíocht’, arna leasú agus arna leathnú le Rún Rialtais Uimh. 1039 an 14 Deireadh Fómhair 2020 agus le roinnt cinntí rialtais;

(b) an clár ‘Frithvíreas’ Rogha C, dá bhforáiltear i ‘Dlí Uimh. 300/2020 Coll.’;

(c) an clár ‘Pětadvacítka’, an bónas cúiteach do dhaoine féinfhostaithe, dá bhforáiltear i ‘Dlí Uimh. 159/2020 Coll.’, arna leasú le ‘bónas cúiteach an fhómhair’ dá bhforáiltear i ‘Dlí Uimh. 461/2020 Coll.’, leis an ‘bónas cúiteach nua le haghaidh 2021’ dá bhforáiltear i ‘Dlí Uimh. 95/2021 Coll.’ agus leis na rúin Rialtais ghaolmhara Uimh. 154/2021 agus 188/2021’ agus le ‘bónas cúiteach le haghaidh 2022’ dá bhforáiltear i ‘Dlí Uimh. 519/2021 Coll.’;

(d) tarscaoileadh páirteach na ranníocaíochtaí slándála sóisialta agus sláinte atá dlite ag na daoine féinfhostaithe, dá bhforáiltear i ‘Dlí Uimh. 136/2020 Coll.’ (maidir le slándáil shóisialta) agus ‘Dlí Uimh. 134/2020 Coll.’ (maidir le slándáil sláinte);

(e) an ‘Liúntas cúraim’ do dhaoine féinhostaithe, dá dtagraítear i ‘Rúin Rialtais Uimh. 262 an 19 Márta 2020, Uimh. 311 an 26 Márta 2020, Uimh. 354 an 31 Márta 2020, Uimh. 514 an 4 Bealtaine 2020, Uimh. 552 an 18 Bealtaine 2020’, agus arna leasú agus arna leathnú go deireanach le ‘Rún Rialtais Uimh. 446 an 10 Bealtaine 2021’, agus Airteagal 14 de ‘Dlí Uimh. 218/2000 Coll.’ maidir le rialacha buiséadacha, arna leasú, a bhfuil feidhm aige maidir le daoine féinhostaithe i dtáirgeadh príomhúil talmhaíochta agus foraoiseachta, agus Airteagal 3 pointe (h) de ‘Dlí Uimh. 47/2002 Coll.’ maidir le tacaíocht do FBManna, arna leasú, a bhfuil feidhm aige maidir le gach duine féinhostaithe eile.

Airteagal 2

Is chuig Poblacht na Seice a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*